Togra ar Logainmneacha
... Placenames project!

Janice Fuller, Seán Comer, Bridie Willers agus Mary Mannion i mbun oibre ar logainmneacha áitiúla.

Togra ar Logainmneacha

Tháinig **Gaeilge Locha Riach** agus **www.aughty.org** le chéile le tús a chur le tionscadal ar logainmneacha i gcomharsanacht Shliabh Eachtaí a dhéanamh. Is é an príomhchuspóir ná tuiscint ar logainmneacha an cheantair a shoiléiriú do phobal na háite agus deis a thabhairt do dhaoine aithne níos fearr a chur ar a gcomharsanacht féin.

Cuireadh tús leis na togra seo agus ceardlann ar logainmneacha aitiúla sa Village Inn i gCill Chríost ag deireadh Mhí Feabhra.

Bhí cur i láthair 'Powerpoint' ar mhaithe le brí logainmneacha an pharóiste a shoiléiriú agus brí na logainmneacha roinnte faoi théamaí éagsúla; m.s Arda / Uisce / Portaigh / Bailte / Dúlra / Ainmneacha Pearsanta / Suíomhanna Naofa agus araile...
Ina dhiaidh sin, spreagadh plé i ngrúpaí oibre ar bhrí na logainmneacha, ar an dinnsheanchas a bhaintear leo agus rinneadh fiosrúcháin i dtaobh ainmneacha ar pháirceanna, ar oileáin, ar charraigeacha is ar logainmneacha beaga eile atá i mbéal an phobail go fóill.

Gan amhras, bhí tuiscint níos fearr agus suim úr cothaithe sna bailte fearainn de bharr na ceardlainne seo. Tá pleananna anois ag an chumann staire i gCill Chríost tógáil ar an spéis úr seo. Tuigtear dóibh go bhfuil neart féidireachtaí ann leis agus plé eatarthu maidir le leabhairín nó léarscáileanna áitiúla a fhoilsiú bunaithe ar an ábhar bailithe.

Cuirfear fáilte roimh éinne a bhfuil spéis acu san ábhar seo teagmháil a dhéanamh le Gaeilge Locha Riach: ***091 870718*** *nó* prua@lochariach.com

Joe Larkin, Verena Commins agus Dymphna Fahy ag cúrsaí logainmneacha ag ceardlann a d'eagraíodh Mí Feabhra

Placenames project

Gaeilge Locha Riach and **www.aughty.org** began a placenames project in the Sliabh Eachtaí region recently. The main aim of this project is to clarify an understanding of placenames in a number of parishes in the district and to give local people the opportunity to get to know their own area better.

The project started with a public workshop in The Village Inn, Cill Chríost at the end of February. A presentation using 'Powerpoint' clarified the meaning of placenames in the parish. These placenames were presented under various themes; e.g. heights / waterways / bogland / dwellings / nature / personal names / holy sites etc.

Further discussion and group work followed the presentation. Groups discussed the understanding of placenames, the origin and folklore of these names and there was be further investigation into the names of fields, islands (on rivers and lakes), rocks and others still in folk memory.

Certainly there was a renewed understanding and interest awakened as a result of the work-shop and the local group wish to build on this interest. A number of possibilities for further research in each area are being discussed along with opportunity to publish local books and maps based on the material collected.

Anyone interested in this subject are invited to contact
Gaeilge Locha Riach: ***091 870718*** *nó* prua@lochariach.com